Bord Fiontar Contae Phort Láirge Teo

Tuarascáil Bhliantúil 2008

Ireland's EU Structural Funds Programmes 2007 - 2013

Co-funded by the Irish Government and the European Union

EUROPEAN REGIONAL DEVELOPMENT FUND

Bord Fiontar Contae Phort Láirge

Clár Ábhair

Leathanach 3 Ráiteas an Chathaoirligh

Leathanach 5 Ceadú agus Íocaíocht an Chúnaimh Airgeadais

Leathanach 8 Ráitis Airgeadais

Leathanach 8 Comhaltas an Bhoird agus Eolas Ginearálta

Leathanach 9 Tuarascáil an Stiúrthóra

Leathanach 11 Ráiteas faoin gCóras Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

Leathanach 12 Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Leathanach 14 Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta

Leathanach 16 Ioncam agus Caiteachas

Leathanach 17 Clár Comhardaithe

Leathanach 18 Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Ráiteas an Chathaoirligh

Tá áthas orm mar Chathaoirleach ar Bhord Fiontar Contae Phort Láirge an Tuarascáil Bhliantúil do 2008 a chur i láthair.

Ba bhliain dheacair a bhí in 2008 do ghnóthaí, mar go ndeachaigh éifeachtaí an mheathlaithe domhanda i bhfeidhm ar gach earnáil gnó. Tháinig crapadh suntasach ar an tionscal tógála agus bhí tionchar aige sin ar an earnáil innealtóireachta sa Chontae. Tháinig méadú ar an líon daoine a bhí dífhostaithe in 2008 tar éis blianta d'fhás i bhfostaíocht. Bhí tionchar ag an meathlú ar chuideachtaí a bhí ina gcliaint ag an mBord, agus cailleadh 77 post san iomlán i rith na bliana. Tá gach iarracht déanta ag an mBord tacú le cliaint i gcúinsí eacnamaíochta deacra. Leanann gnó ar aghaidh áfach agus bíonn deiseanna ann i gcónaí chun gnó nua a fhorbairt. In 2008 leithdháil an Bord €583,172 ar 21 tionscadal. Bhí leithdháileadh de €200,000 i leith an Ionaid Fiontraíochta atá molta do Dhún Garbhán san áireamh anseo.

Ghlac 384 cuideachta nó duine aonair páirt i réimse leathan de chláir scileanna bainistíochta i mbliana, lena n-áirítear an mhargaíocht straitéiseach, pleanáil agus rialú airgeadais, díolacháin agus seirbhísí do chustaiméirí agus bainistíocht acmhainní daonna.

Lean an Bord air ag tacú leis an Network for Women in Business le 17 comhaltaí gníomhacha. Ina theannta sin, tugadh cúnamh do chuideachtaí éagsúla lena dtáirgí a chur ar mhargaí náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. Rinneadh é sin trí thacú le rannpháirtíocht in aontaí trádála mar Showcase do dhearthóirí/dhéantóirí agus sa taispeántas Shop i gcás cuideachtaí bia.

Arís eile, d'éirigh thar cionn leis an Scéim Fiontraíochta do Dhaltaí Scoile agus bhí líon iomlán de 330 dalta as Port Láirge rannpháirteach inti. Tá cur chun cinn na fiontraíochta ina mhórchuspóir ag an mBord i gcónaí, agus is cúis misnigh dúinn go bhfuil scoileanna uile an Chontae páirteach sa Chlár seo. Tugadh tionscnamh nua www.businessgame.ie isteach i scoileanna i bPort Láirge in 2008.

Tá sé d'aidhm ag an gclár 'Spirit of Enterprise', a bhí ar siúl i nDeireadh Fómhair 2008, fiontraíocht a spreagadh sa réigiún. Reáchtáladh seisiúin speisialta meantóireachta agus oiliúna ar fud an chontae, agus d'fhreastail 208 duine ar imeacht líonraithe inar thug David Williams, Eacnamaí an phríomhchaint.

Ba mhaith leis an mBord buíochas a ghabháil freisin le Comhaltaí an Choiste Meastóireachta a thug a gcuid ama agus a dtiomantas agus iad ag breithniú gach tionscadal a cuireadh faoina bhráid i gcomhair cúnaimh agus leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus lena Fhoireann as an tacaíocht leanúnach a thugann siad do ghnó sa Chontae.

Tá an Bord tiomanta do thacaí den scoth a sholáthar chun tacú le gnóthaí sna cúinsí eacnamaíochta deacra seo.

Ray O'Dwyer, *Cathaoirleach*

Cairt Chustaiméirí

Is é cuspóir Bhord Fiontar Contae Phort Láirge, maidir le seirbhísí do chustaiméirí, ná na dualgais agus na feidhmeanna, ar chuir an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta de chúram air de réir an Chomhaontaithe Oibríochta a shínigh Bord Fiontar an Chontae agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtach agus gairmiúil.

Tá Bord Fiontar Contae Phort Láirge á rialú ag "an gCód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit" a chinntíonn go gcuirtear ardseirbhís ar fáil do chustaiméirí agus don phobal i gcoitinne, go ndéantar cinntí ar bhealach cothrom agus gan chlaonadh, go gcloíonn foireann an CEB leis na caighdeáin is airde d'eitic ghnó, agus nach ndéanfaidh aon ghníomh de chuid fhoireann an CEB dochar d'ionracas an CEB i meon an phobail.

Baineann an Cód seo le Stiúrthóirí an Bhoird, le comhaltaí an Choiste Meastóireachta agus le fostaithe an Bhoird. Le linn duit a bheith ag plé leis an mBord Fiontar, déanfaidh an fhoireann oibre iarracht a chinntiú go dtabharfar gach eolas duit maidir le gach seirbhís agus tacaíocht, agus go gcuirtear gach cabhair ar fáil duit maidir le rochtain cheart a fháil ar na seirbhísí agus ar na tacaíochtaí sin.

Cúirtéis agus Cúntacht: Is féidir leat a bheith ag súil leis an méid seo a leanas i ngach caidreamh a bhíonn agat leis an mBord Fiontar Contae:

- go gcaithfidh an fhoireann oibre leat ar bhealach cúirtéiseach agus fóinteach i gcónaí;
- go dtabharfar ainm an bhaill foirne duit lena bhfuil tú ag plé;
- go gcuirfear ar aghaidh tú chuig an mball foirne cuí chun déileáil le d'fhiosrúchán.

Eolas: Is féidir leat a bheith ag súil leis an méid seo a leanas i ngach caidreamh a bhíonn agat leis an mBord Fiontar Contae:

- go dtabharfar eolas cruinn agus críochnúil duit maidir le gach fiosrúchán a bhíonn agat.

Éifeachtacht: Is féidir leat a bheith ag súil leis an méid seo a leanas i ngach caidreamh a bhíonn agat le Bord Fiontar an Chontae:

- go ndéileálfar le d'fhiosrúchán ar bhealach tapa agus éifeachtach, agus nach ndéanfar dearmad ar an tábhacht a bhaineann leis na costais a d'fhéadfadh a bheith agat a choinneáil chomh híseal agus is féidir.

Príobháideachas agus Rúndacht: Is féidir leat a bheith ag súil leis an méid seo a leanas i ngach caidreamh a bhíonn agat le Bord Fiontar an Chontae:

- go gcoimeádfar an t-eolas uile a chuireann tú ar fáil, idir eolas pearsanta agus eolas gnó, go hiomlán faoi rún.

Sásamh: Le linn do chaidrimh uile le Bord Fiontar Contae Phort Láirge, is féidir leat a bheith ag súil go gcaithfear le haon ghearán dlisteanach go tapa agus go báúil de réir Nósanna Imeachta an Bhoird um Chúram Custaiméirí agus um Ghearáin. Ní chuireann na nósanna imeachta seo isteach ar ghnáthchearta an duine faoin dlí nó ar chórais athbhreithnithe neamhspleácha ar bith a d'fhéadfadh a bheith ann.

Gerard Enright, *Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*

Deontais Caipitil a Ceadaíodh in 2008

Capital Grants Approved in 2008

Gnólacht	Táirge/Seirbhís	Méid a Faomhadh €
Billy Butler	Ionad Eachtraíochta	15,300
Barron's Bakery	Bácús	30,000
Ocean Telecommunications Ltd	Soláthróir Leathanbhanda	30,000
Peter Flanagan	Déantúsaíocht Camán	20,000
Elizabeth & Mike Healy	Táirgeadh Bia	13,000
Rally Connection Ltd	Scoil Railí	55,000
Neon Communications Solutions Ltd	Forbairt Bogearraí	10,000
Brendan Glody	Slatiascaireacht do Thurasóirí	1,250
O'Flynn Foods Ltd	Táirgeadh Bia	19,000
Dungarvan Community Enterprise Centre Ltd	Ionad Fiontraíochta	200,000
David Power	Athchúrsáil	75,000
Jeff Allen	Elite Paintball	5,000
Sharon Barker	Táirgeadh Bia	6,337
Shane Molloy	Seirbhís Deartha Táirgí	5,785
Iomlán		**485,672**

Deontais Fostaíochta a Faomhadh in 2008

Gnólacht	Táirge/Seirbhís	Méid a Faomhadh €
Carol Ann McCarthy	Forbairt Bogearraí	37,500
Andrew Balestrieri	Iasc Teochreasa	7,500
Biocide Ltd	Bunachar Sonraí Ceimiceacha	15,000
Exigent Networks Integration Ltd	Seirbhísí Gréasáin	7,500
Sabrina Douglas	Déantúsaíocht Dallóg	7,500
Mary Rockett	Áis do Dhaoine faoi Mhíchumas	7,500
Colm Breslin	Ionad Faoisimh	15,000
Iomlán		**97,500**

Méid Iomlán an Chúnaimh Airgeadais a Faomhadh in 2008: €583,172

Ceaduithe Cúnamh Airgeadais 2008

Cúnamh Caipitil a Íocadh in 2008

Gnólacht	Méid a Íocadh €
Glenwood Design	2,750
Maria Power	20,000
O'Flynn Foods Ltd	19,000
Elizabeth & Michael Healy	11,881
Denis Murray	4,930
Barron's Bakery	30,000
Elaine Sarah Comerford	2,112
Neon Communications Solutions Ltd	4,500
Freedom Adventure Ltd	15,183
Rally Connection Ltd	55,000
Ocean Telecommunications Ltd	20,362
Sasta Hardware Ltd	33,795
Peter Flanagan	2,715
Sunstream Energy Ltd	10,599
Iomlán	**232,827**

Cúnamh Fostaíochta a Íocadh in 2008

Gnólacht	Méid a Íocadh €
Brendan Griffin	3,750
Mary Rockett	3,750
Iomlán	**7,500**

Cúnamh Staidéir Féidearthachta a Íocadh in 2008

Gnólacht	Méid a Íocadh €
Knockanore Farmhouse Cheese	5,000
Iomlán	**5,000**

Scaireanna Tosaíochta a Íocadh in 2008

Gnólacht	Méid a Íocadh €
Celsus Solutions	36,000
Iomlán	**36,000**

Méid Iomlán an Chúnaimh Airgeadaisa Íocadh in 2008: €281,327

Sonraí maidir leis an gcúnamh airgeadais a faomhadh in 2008 de réir cineáil

Cineál Deontais	Méid a Faomhadh	Líon na dTionscadal	% den Mhéid Iomlán
Caipiteal	485,672	14	83
Fostaíocht	97,500	7	17
Iomlán	**583,172**	**21**	**100%**

Sonraí maidir leis an gcúnamh airgeadais a faomhadh in 2008 ar bhonn earnála

Earnáil	Líon na dTionscadal	Méid an Mhaoinithe	Meándeontas
Seirbhísí	13	212,335	16,333
Déantúsaíocht	7	170,837	24,405
Ionad Fiontraíochta	1	200,000	200,000
Iomlán	**21**	**583,172**	**27,770**

% Den chúnamh airgeadais atá inaisíoctha/neamh-inaisíoctha

	Méid	% den Mhéid Iomlán
Neamh-Inaisíoctha	340,961	58
Inaisíoctha	242,211	42
Iomlán	**583,172**	**100%**

Próifíl na niarratasóirí

Stádas	Céatadán
Fir	62%
Mná	33%
Fir/Mná i gComhpháirtíocht	5%
Iomlán	**100%**

Líon na ngnólachtaí nua-thionscanta i gcomparáid le fairsingiú na gcuideachtaí a bhí ann cheana féin

Stádas	Líon
Gnólachtaí Nua-Thionscanta	10
Fairsingiú	11
Iomlán	**21**

Stádas fostaíochta na niarratasóirí nuair a thosaigh siad

Stádas	Líon.	Céatadán
Féinfhostaithe	2	20%
Dífhostaithe	8	80%
Fostaithe	-	-
Iomlán	**10**	**100%**

Ráiteas Airgeadais

Don Bhliain Dár Chríoch 31 Nollaig 2008

Comhaltaí an Bhoird

An tUasal Ray O'Dwyer, Cathaoirleach
An tUasal Billy Kyne, Comhalta den Chomhairle Contae (MCC)
An tUasal Tony Mansfield
An tUasal Hugh O'Rourke (a d'imigh ar scor in Eanáir 2008))
An tUasal Martin Doyle (a ceapadh i bhFeabhra 2008)
An tUasal Eleanor Kiely
An tUasal Michael Holland
An tUasal Eamon McGettigan
An tUasal Damien Geoghegan, Comhalta den Chomhairle Contae (MCC)
An tUasal Liam Brazil, Comhalta den Chomhairle Contae (MCC)
An tUasal Kevin Wilkinson, Comhalta den Chomhairle Contae (MCC) (a ceapadh i bhFeabhra 2008)
An tUasal Geraldine Veale
An tUasal Ann Marie Rossiter

Rúnaí

Gerard Enright

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Gerard Enright

Oifig Chláraithe

Teach na Cúirte
Dún Garbhán
Co. Phort Láirge.

Iniúchóirí

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Foirgneamh an Státchiste
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2.

Baincéirí

Bainc-Aontas Éireann
3 Sráid TF Meagher
Dún Garbhán
Co. Phort Láirge.

Aturnaetha

Lanigan and Curran
Aturnaetha
Sráid Chros an Droichid
Dún Garbhán
Co. Phort Láirge.

Tuarascáil na Stiúrthóirí
Don Bhliain Dár Chríoch 31 Nollaig 2008

Príomhghníomhaíochtaí:

Is gníomhaireacht forbartha eacnamaíochta áitiúil é Bord Fiontar Contae Phort Láirge do Chontae riaracháin Phort Láirge. Cuireann an Bord cúnamh ar fáil d'fhiontair bheaga, laistigh de chomhthéacs a Phlean Fiontraíochta. I measc na bpríomhghníomhaíochtaí, tá:

(i) Feasacht ar fhiontraíocht a chruthú agus cultúr fiontraíochta a fhorbairt.
(ii) Eolas Gnó, Comhairle, Seirbhís Comhairleoireachta agus Meantóireachta a sholáthar.
(iii) Cúnamh Airgeadais.
(iv) Oiliúint Forbartha Bainistíochta.

Buaicphointí na Bliana:

I measc bhuaicphointí na tréimhse seo don Bhord, tá:

- Cúnamh airgeadais €281,327, a íocadh le 21 tionscadal.
- Tharla laghdú 77 post i gcuideachtaí a fuair cúnamh ón mBord in 2008, mar gheall ar an gcúlú eacnamaíochta.
- Ghlac 330 dalta ó scoileanna dara leibhéil páirt sa Chlár Fiontraíochta do Dhaltaí Scoile i gContae Phort Láirge, agus bhuaigh daltaí ó Choláiste Pobail an Dubhabhainn, Lios Mór Craobh an Chontae sa Chatagóir Shinsearach.
- Ghlac 384 cuideachta nó duine aonair páirt i gcláir éagsúla lena n-áirítear meantóireacht, oiliúint, bainistíocht airgeadais agus margaíocht.
- Tugadh cúnamh do 3 ghnólachtaí lena dtáirgí a chur ar mhargaí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta trí rannpháirtíocht an Bhoird in Showcase.
- Lean an Bord air ag tacú le Network for Women in Business le 12 chomhaltaí.
- D'fhreastail 64 gnó ar imeacht líonraithe gnó inar thug Brody Sweeney an phríomhchaint agus d'fhreastail 208 gnó eile ar imeacht líonraithe inar thug David McWilliams an phríomhchaint.
- D'fhreastail 50 rannpháirtí ar imeacht Acadamh Éireann eBay.
- Bhunaigh an Bord Gorlann Ceardaíochta i Coill Mhic Thomáisín i gcomhar le Coiste Gairmoideachais Chontae Phort Láirge.
- Forbraíodh cluiche ionsamhlúcháin gnó ar líne www.businessgame.ie le cabhrú chun cultúr fiontraíochta a fhorbairt in oideachas. Forbraíodh leabhar oibre fiontraíochta daltaí agus suíomh gréasáin nua do na Dámhachtainí Fiontair do Dhaltaí agus coimisiúnaíodh staidéar ar oideachas fiontraíochta ag leibhéal bunscoile.

Torthaí:

Tugtar sonraí ar na torthaí cuntasaíochta don bhliain sna ráitis airgeadais agus sna nótaí gaolmhara idir leathanach 9 agus 15.

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Don Bhliain Dár Chríoch 31 Nollaig 2008

Sláinte agus Sábháilteacht

Cosnaítear folláine fhostaithe an Bhoird trí thagairt do riachtanais an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.

Iniúchóirí

Is é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste atá freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar an mBord de réir Alt 5 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

Ráiteas maidir le Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Éilíonn dlí na gcuideachtaí ar stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú maidir le gach bliain airgeadais a thugann léargas fíor agus cothrom ar staid chúrsaí na cuideachta agus ar ioncam agus chaiteachas na bliana sin. Ní mór do na stiúrthóirí na nithe seo a leanas a dhéanamh agus iad ag réiteach na ráiteas airgeadais seo:

- Beartais chuntasaíochta fheiliúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar.
- Na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura mbíonn an bunús sin míchuí.
- Dearbhú a dhéanamh cé acu ar cloíodh le caighdeáin infheidhmithe chuntasaíochta nó nár cloíodh, faoi réir aon neamh-chomhlíonadh ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá na stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntasaíochta chuí a choinneáil, a chuireann stádas airgeadais na cuideachta in iúl le cruinneas réasúnta ag am ar bith agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAchtanna na gCuideachtaí 1963 go 2006. Tá siad freagrach chomh maith as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus dá réir sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a bhrath.

Leabhair Chuntas

Lena chinntiú go gcoimeádtar leabhair agus taifid chuntasaíochta córa de réir Alt 202 d'Acht na gCuideachtaí 1990, choimeád an Chuideachta córais chuntasaíochta chuí. Tá na leabhair chuntas lonnaithe ag oifig chláraithe na cuideachta.

Ray O'Dwyer, *Cathaoirleach* ***Billy Kyne,*** *Stiúrthóir*

Córas Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Thar ceann Bhord Stiúrthóirí Bhord Fiontar Contae Phort Láirge Teo., is mian linn aitheantas a thabhairt dár bhfreagrachtaí lena chinntiú go gcoimeádfar agus go bhfeidhmeofar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Ní féidir leis an gcóras ach cinnteacht réasúnta, nach cinnteacht absalóideach í a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go dtabharfaí faoi deara iad in achar ama tráthúil.

Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Ghlac an Bord le céimeanna chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú trí na nithe seo a leanas:

- freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú le teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus lena chinntiú go ndéanfar gníomh ceartaitheach cuí.

Tá próisis bunaithe ag an mBord chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí na nithe seo a leanas:

- nádúr, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí atá os comhair an Bhoird a aithint lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheasann sé a bheith inghlactha;
- measúnú a dhéanamh ar an gcosúlacht go dtarlóidh rioscaí aitheanta;
- measúnú a dhéanamh ar chumas an Bhoird riosca a bhainistiú agus ar a chumas na rioscaí a tharlódh a mhaolú;
- measúnú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le rialuithe áirithe i gcomparáid leis na tairbhí a bhaintear amach.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat d'fhaisnéis bhainistíochta rialta, de nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithdháileadh dualgas (de réir mar a cheadaíonn líon na mball foirne), agus córas tarmligthe agus cuntasachta. Áirítear go háirithe air:

- córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil arna chomhaontú ag an mBord Stiúrthóirí;
- athbhreithnithe ag an mBord Stiúrthóirí ar fheidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí;
- spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht a thomhas.

Go dtí seo, bhí monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais ag brath ar obair na bhfeidhmeannach atá fostaithe ag an mBord agus atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil. Bhí monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ag brath freisin ar iniúchadh inmheánach bliantúil agus ar athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a dhéanann Iniúchóir Inmheánach arna cheapadh ag an mBord. Cuireann litreacha ón mbainistíocht a eisítear tar éis an iniúchta leis an athbhreithniú chomh maith.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais do 2008.

Sínithe thar ceann an Bhoird

Ray O'Dwyer, *Chairman* ***Billy Kyne,*** *Director*

WATERFORD COUNTY ENTERPRISE BOARD LIMITED

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais Waterford County Enterprise Board Limited don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008 iniúchta agam faoi Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis sin, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na nótaí gaolmhara.

Freagrachtaí na Stiúrthóirí agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá freagrachtaí na Stiúrthóirí as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dlíthe infheidhmithe agus Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn leagtha amach i dTuarascáil na Stiúrthóirí. Tá na Stiúrthóirí freagrach as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú freisin.

Is é m'fhreagrachtsa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn agus an bhfuil siad ullmhaithe go cuí de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2009. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an gCuideachta; agus cibé an dtagann an fhaisnéis arna tabhairt i dTuarascáil na Stiúrthóirí leis na ráitis airgeadais. Lena chois sin, deirim cibé an bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta, agus cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Chuideachta an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

Léim faisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breithním cibé an dtagann sé leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil má thagaim ar an eolas faoi aon rud atá, de réir cosúlachta, ina mhíráiteas nó ina neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais.

An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí na Cuideachta, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

Tuairim

Is é mo thuairim :

- go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí na Cuideachta ag 31 Nollaig 2008 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain dar críoch sin; agus
- gur ullmhaíodh go cuí iad de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2009.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus a mheas mé a bheith riachtanach chun críoch m'iniúchta. Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an gCuideachta. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is é mo thuairim go bhfuil an fhaisnéis a tugadh i dTuarascáil na Stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais.

Gerard Smyth
Le haghaidh agus thar ceann an
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
31 **Lúnasa 2009**

Ráiteas Faoi Na Beartais Chuntasaíochta

1. Bunús na Cuntasaíochta

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoin modh fabhraithe cuntasaíochta agus de réir na bprionsabal cuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Glactar le Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais arna moladh ag comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta de réir mar a thagann siad i bhfeidhm.

2. Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Luaitear sócmhainní seasta ag a gcostas stairiúil nó luacháil lúide dímheas carntha.

Gearrtar dímheas ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais ar bhunús méid cothroim, ag na rátaí a leagtar amach thíos, chun na sócmhainní a dhíscríobh, arna gcoigeartú i gcomhair luacha iarmharaigh mheasta, thar a saolré úsáideach measta.

Troscán	12.5%
Trealamh Oifige	20%

3. Deontais ón Oireachtas

Déantar deontais ón Oireachtas a chur chun cuntais ar bhonn fabhraithe. Tá Deontais ón Oireachtas á gcur ar fáil ag Fiontraíocht Éireann thar ceann an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

4. Deontais Iníoctha

Fabhraítear deontais sna ráitis airgeadais nuair a chloíonn na deontaithe leis na coinníollacha sonraithe.

5. Cuntas Caipitil

Is é an Cuntas Caipitil an luach gan amúchadh den ioncam a úsáideadh chun críocha caipitil.

6. Ioncam Iarchurtha

Is féidir le cúnamh inaisíoctha a bheith ina dheontais inaisíoctha nó mar infheistíochtaí i Scaireanna Tosaíochta nó i nGnáthscaireanna. Ní féidir méideanna a fhaightear, lena n-áirítear aon ús nó ghnóthachain a bhaineann leo, a úsáid ach chun íocaíochtaí breise a dhéanamh faoi Bheart 1. Ós rud é go mbraitheann aisíocaíochtaí ar fheidhmíocht an fhiontair, ní chuirtear san áireamh iad go dtí go bhfaightear iad. Déantar aithint na bhfáltas den chineál sin mar ioncam a iarchur go n-athleithdháilfear iad mar chaiteachas faoi Bheart 1.

7. Aoisliúntas

Déanann Alt 10(4)(g) den Acht um Fhorbairt Tionscail 1995 foráil gur féidir le Boird Fiontar Contae aon phearsanra (lena n-áirítear príomhoifigeach feidhmiúcháin) a fhostú ar bhealach agus ar théarmaí arna gceadú ag an aire (le cead ón Aire Airgeadais) a cheapann an Bord a chabhródh nó a bheadh gá leis chun a chuspóirí a chur chun cinn.

Cheadaigh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, le cead ón Aire Airgeadais, tabhairt isteach Scéimeanna Aoisliúntais agus scéimeanna bainteacha Aoisliúntais Chéilí agus Leanaí don Bhord. Tugadh Scéimeanna Aoisliúntais d'fhoireann an bhoird isteach in 2008, agus, ar feitheamh ceadú foirmiúil, tá an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, le cead an Aire Airgeadais, tar éis údarás a thabhairt don Bhord na scéimeanna a oibriú, bunaithe ar an scéim Samhail Aoisliúntais do Státseirbhísigh, ar bhunús riaracháin. Oibríonn na scéimeanna ar bhunús "íoctar mar a úsáidtear", rud a chiallaíonn nach bhfuil sochair réamh-mhaoinithe trí ranníocaíochtaí a dhéanamh le ciste ar leith atá á rialú ag iontaobhaithe.

Faoi na socruithe seo, íoctar ranníocaíochtaí ó fhostaithe le Fiontraíocht Éireann agus leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, agus cuireann an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maoiniú ar fáil don Bhord, trí Fhiontraíocht Éireann, chun costais sochar a ghlanadh nuair a bhíonn siad dlite.

Tá an Roinn ag féachaint faoi láthair ar an bhféidearthacht d'athstruchtúrú a dhéanamh ar na scéimeanna, ionas go n-ionchorpróidh siad na Boird Fiontar Contae go léir.

Níl an Bord tar éis na forálacha nochta scéime sochair sainithe in FRS17 a chur i bhfeidhm, ar feitheamh réiteach na héiginnteachtaí seo faoi na scéimeanna.

8. An Tionscnamh Náisiúnta um Oideachais Fiontraíochta

Is é an Bord atá freagrach as na costais a bhaineann leis an Tionscnamh Náisiúnta um Oideachas Fiontraíochta, atá á riaradh ag an gCoiste Oideachais Fiontraíochta Náisiúnta thar ceann Líonra na mBord Fiontar Cathrach agus Contae. Tá sé de fhreagracht ar an gCoiste feasacht oideachais faoi ghníomhaíochtaí fiontraíochta a ardú i scoileanna na hÉireann ag leibhéal bunscoile agus iarbhunscoile. Cuireann Fiontraíocht Éireann maoiniú ar fáil ó mhaoiniú ar leith a chuireann an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar fáil i gcomhair oideachais fiontraíochta, agus ranníocaíocht réamh-aontaithe a dhéanann gach Bord Fiontar Contae agus Cathrach. Cuirtear ioncam i bhfeidhm chun an caiteachas a thabhaítear a ghlanadh.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais
Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

	Nótaí	2008 (€)	2007 (€)
Ioncam			
Deontais ón Oireachtas	1	740,020	740,004
Ioncam Eile		10,594	11,775
Cúnamh Inaisíoctha	3 (c)	82,985	69,133
An Tionscnamh Náisiúnta um Oideachas Fiontraíochta	6	189,601	205,165
		1,023,200	1,026,077
Aistriú (chuig an)/ón gCuntas Caipitil	8	2,381	1,612
Iomlán		1,025,581	1,027,689
Caiteachas			
Cúnamh Roghnaíoch Airgeadais	2	281,327	295,172
Forbairt Fiontraíochta agus Inniúlachta	4	259,119	236,138
An Tionscnamh Náisiúnta um Oideachas Fiontraíochta	6	189,601	205,165
Riarachán	5	295,534	291,214
Iomlán		1,025,581	1,027,689
Barrachas (Easnamh) don Bhliain		0	0

Ní raibh aon ghnóthachain ná chaillteanais ag an mBord sa bhliain airgeadais sin ná sa bhliain airgeadais roimhe sin seachas iad sin a ndéileáiltear leo sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Baineann torthaí na bliana le hoibríochtaí leanúnacha.

Tá an ráiteas faoi na beartais chuntasaíochta agus na nótaí 1 go dtí 14 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Ray O'Dwyer, *Cathaoirleach*

Billy Kyne, *Stiúrthóir*

Gerard Enright,
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Clár Comhardaithe
Amhail an 31 Nollaig 2008

	Nótaí	2008 (€)	2007 (€)
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní Inláimhsithe	7	3,862	6,243
Sócmhainní Reatha			
Deontais Infhaighte		14,731	0
Féichiúnaithe		5,825	11,271
Banc	6	454,188	352,193
		474,744	363,464
Dliteanais Reatha			
Deontais ón Oireachtas roimh ré		0	9,737
Creidiúnaithe agus Fabhruithe		21,990	17,345
Ioncam Iarchurtha	3 (c)	302,976	281,303
An Tionscnamh Náisiúnta um Oideachais Fiontraíochta	6	149,778	55,079
		474,744	363,464
Glansócmhainní Reatha		0	0
Glansócmhainní		3,862	6,243
Maoinithe ag:			
Cuntas Caipitil	8	3,862	6,243
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		0	0
		3,862	6,243

Tá an ráiteas faoi na beartais chuntasaíochta agus na nótaí 1 go dtí 14 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Ray O'Dwyer, *Cathaoirleach*

Billy Kyne, *Stiúrthóir*

Gerard Enright,
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. Fiontraíocht Áitiúil

Local Enterprise

Forálann Alt 10 (2) den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1995 go n-íocfadh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta deontais leis an mBord. Faoi Ionstraim Reachtúil Uimh. 655 de 2006, íocann Fiontraíocht Éireann deontais thar ceann an Aire.Cuirtear caiteachas a dhéanann an Bord i bhfeidhm ar bhearta a bhaineann leis an bhFochlár um Fhiontar Áitiúil den Phlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013.

Is mar seo a leanas atá na Bearta:
Beart 1 - Cúnamh Roghnaíoch Airgeadais
Beart 2 - Forbairt Fiontraíochta agus Inniúlachta

2. Cúnamh Roghnaíoch Airgeadais

Tairgeann an Bord cúnamh deontais agus má ghlactar leis, seasann sé mar ghealltanas de chuid an Bhoird ar feadh tréimhse sainiúla nó sna himthosca a sonraíodh nuair a ceadaíodh é.

Ba é €204,743 an maoiniú a chuir Fiontraíocht Éireann ar fáil in 2008 le Cúnamh Roghnaíoch Airgeadais a íoc. Is mar seo a leanas a bhí gealltanais amuigh an Bhoird an 31 Nollaig 2008:

		Deontais €	**Cúnamh Deontais Inaisíoctha €**	**Iomlán €**
Gealltanais amhail an 1 Eanáir 2008		87,220	120,220	207,440
Ceaduithe		340,961	242,211	583,172
		428,181	362,431	790,612
Curtha as feidhm	- ceaduithe 2008	37,500	0	37,500
	- ceaduithe roimh 2008	36,163	38,162	74,325
		73,663	38,162	111,825
Caiteachas		127,038	154,289	281,327
Gealltanais amhail an 31 Nollaig 2008		227,480	169,980	397,460

Caiteachas de €281,327 a chuimsíonn Cúnamh Caipitil de €232,827,
Cúnamh Fostaíochta de €7,500 agus Deontas um Staidéir Féidearthachta de €5,000 agus Infheistíocht i Scair Thosaíochta €36,000

Tugadh na gealltanais amuigh amhail an 31 Nollaig 2008 mar seo a leanas:

	€
Roimh an 31 Nollaig 2007	14,179
Tar éis an 1 Eanáir 2008	383,281
	397,460

3. Cúnamh Inaisíoctha

(a) Infheistíochtaí

Ba é €36,000 an tsuim a bhí infheistithe i bhfoirm scaireanna tosaíochta amhail an 31 Nollaig 2008. De bhrí nach féidir luach na scaireanna sin a mheas go cruinn, rud a bhíonn ag brath ar fheidhmíocht na bhfiontar, ní dhéantar caipitliú ar na scaireanna ar an gClár Comhardaithe. Cuirtear díbhinní, ús agus aisíocaíochtaí a fhaightear san áireamh ar bhonn airgid thirim. Ní féidir leis an mBord Fiontar fáltais den chineál sin a úsáid ach amháin chun deontais bhreise a mhaoiniú i bhfoirm cúnaimh inaisíoctha.

Bhí na hinfheistíochtaí seo a leanas i seilbh an Bhoird:

Company	Type of Investment	2008	2007
K-Med Ltd	Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte	-	25,395
Celsus Innovations Solutions Ltd	Scaireanna Tosaíochta Infhuascailte	36,000	-
		36,000	25,395

Rinneadh díscríobh ar an infheistíocht de €25,395 in K-Med Ltd in 2008 toisc gur mheas an Bord nach bhféadfaí an tsuim sin a aisghabháil mar gur theip ar an gcuideachta.

(b) Cúnamh Deontais Inaisíoctha

De bhrí go bhfuil aisíocaíocht ag brath ar fheidhmíocht na bhfiontar seo, ní chuirtear an tsuim atá le haisíoc san áireamh mar shócmhainn ar an gClár Comhardaithe. Cuirtear aisíocaíochtaí a fhaightear san áireamh ar bhonn airgid thirim. Ní féidir leis an mBord Fiontar fáltais den chineál sin a úsáid ach amháin chun deontais bhreise a mhaoiniú i bhfoirm cúnaimh inaisíoctha.

	2008 (€)	2007 (€)
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2008	412,693	349,971
Íoctha in 2008	154,289	142,470
Aisíoctha in 2008	(104,658)	(79,748)
Díscríofa in 2008 - D. Kelly	(8,732)	0
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2008	453,592	412,693
Dlite laistigh de 12 mhí	98,231	87,337
Dlite tar éis 12 mhí	355,361	325,356

Déanann an Bord athbhreithniú ar na hiarmhéideanna atá dlite agus nuair a cheapann sé nach ndéanfar infheistíocht áirithe a aisíoc, is féidir leis an mBord an tsuim sin a dhíscríobh.

(c) Fáltais ó Chúnamh Inaisíoctha a Ath-Leithdháileadh

	2008 (€)	2007 (€)
Iarmhéid d'fháltais ó chúnamh inaisíoctha amhail an 1 Eanáir	281,303	270,688
Íocaíochtaí Cúnaimh Inaisíoctha a cuireadh ar aghaidh ón ioncam iarchurtha	(82,985)	(69,133)
Fáltais inaisíoctha: Aisíocaíochtaí de Chúnamh Deontais	104,658	79,748
Iarmhéid na bhFáltas Inaisíoctha ar fáil amhail an 31 Nollaig	302,976	281,303

4. Forbairt Fiontraíochta agus Inniúlachta

	2008 (€)	2007 (€)
Clár Forbartha Bainistíochta	42,540	26,315
Oiliúint	30,743	43,787
Meantóireacht	83,662	84,533
Oideachas Fiontraíochta	2,469	19,715
Cur chun cinn na Fiontraíochta	27,730	22,919
Eile	71,975	38,869
	259,119	236,138

5. Costais Riaracháin

		2008 (€)	2007 (€)
Tuarastail	Nóta 10	225,488	223,696
Costais Taistil		15,118	12,697
Cóiríocht Oifige		15,000	15,000
Guthán		4,531	4,262
Páipéarachas		7,146	4,823
Costais Oifige		11,346	12,582
Táillí Iniúchóireachta		6,800	6,800
Cuntasaíocht		1,800	1,800
Fógraíocht		423	968
Árachas		4,896	4,978
Dímheas		2,986	3,608
		295,534	291,214

6. An Tionscnamh Náisiúnta um Oideachais Fiontraíochta

Déanann Bord Fiontar Contae Phort Láirge gach maoiniú a fhaightear ó Fhiontraíocht Éireann, Láraonad Comhordaithe na mBord Fiontar Contae (CEB) agus na Boird Fiontar Contae (CEB) i dtaca le Tionscnaimh Náisiúnta Oideachais Fiontraíochta a riar ar son na 35 Bord Fiontar Contae agus Cathrach uile.

		2008 (€)		2007 (€)
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		55,079		44,853
Fáltais				
Ranníocaíochtaí ó Bhoird Fiontraíochta	56,800		175,000	
Fiontraíocht Éireann	227,500		40,391	
		284,300		215,391
Méideanna a Cuireadh i bhFeidhm				
Dámhachtainí Fiontair Mac Léinn	(52,498)		(53,774)	
Acmhainn Fiontraíochta a Thaiscéaladh	(3,765)		(94,334)	
DVD Cás-Staidéir	0		(57,057)	
Dámhachtainí Fiontair Mac Léinn um Chaidreamh Poiblí Breise	(17,726)		0	

Suíomh Gréasáin Fiontraíochta Mac Léinn	(29,567)		0	
Leabhar Oibre Fiontraíochta Mac Léinn	(35,909)		0	
Cluiche Gnó Ar Líne	(30,136)		0	
Staidéar Príomh-Earnála	(20,000)		0	
		(189,601)		(205,165)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig		149,778		55,079

Tá figiúirí 2007 athráite chun teacht le nochtadh faisnéise breise a rinneadh in 2008

7. Sócmhainní Seasta

	Troscán (€)	Trealamh (€)	Iomlán (€)
Costas			
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2008	12,645	27,030	39,675
Breiseáin sa Bhliain	-	605	605
Diúscairtí sa Bhliain	-	(1,948)	(1,948)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2008	12,645	25,687	38,332
Dímheas Carntha			
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2008	11,588	21,844	33,432
Costas don Bhliain	366	2,620	2,986
Diúscairtí don Bhliain	-	(1,948)	(1,948)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2008	11,954	22,516	34,470
Glanluach Leabhar amhail an 31 Nollaig 2008	691	3,171	3,862
Glanluach Leabhar amhail an 31 Nollaig 2007	1,057	5,186	6,243

8. Cuntas Caipitil

	(€)	2008 (€)	(€)	2007 (€)
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2008		6,243		7,855
Aistriú (chuig an)/ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais Cistí a leithdháileadh chun sócmhainní seasta a ghnóthú	605		1,996	
Méid amúchta ag teacht le dímheas sócmhainní	(2,986)		(3,608)	
		(2,381)		(1,612)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2008		3,862		6,243

9. Cánachas

Ní dhéantar foráil do chánachas sna ráitis airgeadais.

10. Fostaithe agus Luach Saothair

Bhí costais luach saothair de €225,488 (2007: €223,696) le híoc ag an mBord, agus muirearaíodh na costais seo uile ar Riarachán.

Tá gach ball foirne fostaithe ar bhonn iasachta nó conartha. Ba é 4 meánlíon na foirne le linn na tréimhse sin. Tá duine de bhaill foirne an Bhoird ina fhostaí de chuid Chomhairle Contae Phort Láirge agus tugadh é ar iasacht don Bhord ó Chomhairle Contae Phort Láirge.

D'fhostaigh an Bord Feidhmeannach Forbartha Gnó ar conradh 2 bhliain. Íocann Comhairle Contae Phort Láirge tuarastal an phoist seo agus faightear ranníocaíochtaí ó Fhiontraíocht Éireann, ó FÁS agus ó Waterford Crystal.

11. Aoisliúntas

Thug an Bord Scéim Aoisliúntais seirbhíse poiblí caighdeánach isteach in 2008. Tá ball foirne amháin tar éis rogha a dhéanamh páirt a ghlacadh sa scéim. Déantar ranníocaíochtaí pinsin de 12% de na híocaíochtaí tuarastail a dhéanann an Bord go díreach a íoc le duine amháin den fhoireann, ar an gcoinníoll go n-íoctar an ranníocaíocht i scéim pinsean pearsanta príobháideach atá faofa ag na Coimisinéirí Ioncaim.

Déantar tuarastal na mball foirne atá ar iasacht a aisíoc le Comhairle Contae Phort Láirge. Áirítear gné aoisliúntais leis sin.

12. Comhaltaí an Bhoird - Nochtadh Idirbheart

Ghlac an Bord le nósanna imeachta de réir an Chóid Chleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit maidir le nochtadh leasanna ag Comhaltaí an Bhoird agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo le linn na bliana. Ní raibh idirbhearta ar bith a bhain le gníomhaíochtaí an Bhoird le linn na bliana a raibh leas tairbhiúil ag comhlachtaí an Bhoird iontu, ach tá leas ag G. Enright, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Rúnaí na Cuideachta mar Stiúrthóir Deonach in Ionad Fiontraíochta Dhún Garbhán Teo. Leithdháileadh €200,000 i gcúnamh airgeadais don Chuideachta seo in 2008. Níor ghlac an tUasal Enright páirt sa chinneadh maidir leis an tionscadal seo.

13. Léas Oibriúcháin

Tá comhaontú ligin déanta ag an mBord le Comhairle Contae Phort Láirge maidir le hoifigí an Bhoird ag Teach na Cúirte, Dún Garbhán. Baineann an comhaontú le tréimhse 4 bliana agus 9 mí dar tús an 1 Meán Fómhair 2004.

Is é €15,000 an cíos bliantúil.

14. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh na stiúrthóirí na Ráitis Airgeadais an 2 Iúil 2009..